

3.IRL Ar Thóir an Fhlaithis agus

Tionchar na Críochdheighilte | Freagra

Samplach

Cén fáth ar ghabh conspóid le hidirbheartaíocht agus le téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh, 1921? (2018)

Bhí uair mharbh na hoíche ann ar an 6 Nollaig, 1921, nuair a shínigh ionadaithe ó rialtais na Breataine agus na hÉireann an Conradh Angla-Éireannach. Beagnach láithreach, bhain conspóid leis an gcomhaontú agus bhí foréigean ann a bhain le brí agus impleachtaí an chonartha. Pléifidh an aiste seo an chaoi a raibh idirbheartaíocht agus téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh conspóideach.

Faoi shamhradh 1921, bhí Cogadh na Saoirse róchostasach agus níor thaitin sé le muintir na Breataine. Tháinig méadú ar an mbrú idirnáisiúnta a bhí ann deireadh a chur leis an gcogadh. Cé go raibh seasamh docht ag Lloyd George, agus é ag rá “*we have murder by the throat*”, ghlac sé leis go raibh sé dodhéanta Éire a rialú mar gheall ar an IRA. Ag oscailt Rialtas Thuaisceart Éireann ar an 22 Meitheamh 1921, thug rialtas na Breataine cuireadh chun cainteanna síochána. Ní raibh de Valera sásta freastal ar na cainteanna seo go dtí go mbeadh deireadh leis na gníomhaíochtaí míleata. Tháinig sos cogaidh i bhfeidhm ar an 11 Iúil. Bhí an sprioc a bhí ag an IRA, iallach a chur ar rialtas na Breataine dul i mbun idirbheartaíochta, baint amach acu. Bhí an 3,000 óglach a bhí acu nach mór spíonta. Ní raibh mórán stoc ná armlóin fágtha acu ach an oiread. Bhí brú méadaitheach ón bpobal náisiúnach deireadh a chur leis an gcogadh. Bhí codanna d’Éirinn imithe ó smacht agus bhain fadhbanna móra leis an gcúlú eacnamaíochta. Bhí sé in am dul i muinín na polaitíochta, seachas gníomh míleata a úsáid.

Mar Uachtarán na Dála, threoraigh Éamon de Valera toscaireacht bheag ar a raibh Arthur Griffith, Austin Stack agus Erskine Childers go Londain. Bhuail De Valera agus Lloyd George le chéile i

gcomhair “*talks about talks*”. Ní raibh ceachtar acu ag iarraidh géilleadh ar rud ar bith ag an bpointe seo. Mar sin féin, bhí Lloyd George sásta comhréiteach a dhéanamh. Ní rachadh an Bhreatain níos faide ná Stádas Tiarnais. Faoi Stádas Tiarnais, bheadh Éire ina náisiún féinrialaithe laistigh den Chomhlathas Briotanach, ach bheadh orthu glacadh le monarc na Breataine mar cheann stáit. Níor ghlac de Valera leis seo. Theastaigh uaidh go n-aithneodh an Bhreatain éileamh na hÉireann ar neamhspleáchas iomlán. Dúirt Lloyd George go raibh idirbheartaíocht le de Valera ar nós “*trying to pick up mercury with a fork*”. Níor tháinig siad ar réiteach agus d’fhill de Valera abhaile. Sheol an dá cheannaire litreacha dá chuig a chéile mar iarracht tús a chur leis an idirbheartaíocht. Faoi dheireadh, ar an 30 Meán Fómhair, ghlac de Valera le cuireadh Lloyd George freastal ar chainteanna gan réamhchoinníollacha ag Sráid Downing i Londain.

Bheartaigh de Valera fanacht sa bhaile i mBaile Átha Cliath agus gan a bheith mar chuid den fhoireann idirbheartaíochta. Chuir sé seo ionadh ar airí rialtais eile. Bhí go leor cúiseanna aige leis seo a dhéanamh. Mar Uachtarán ar Phoblacht na hÉireann, bhí mionn glactha aige an Phoblacht a chosaint agus cloí léi. Níor theastaigh uaidh go mbeadh an chuma ar an scéal gur ghéill sé maidir leis an bPoblacht. Dá bhfanfadh sé i mBaile Átha Cliath, d’fhéadfadh de Valera a éileamh go seolfaí gach doiciméad go hÉirinn le súil a chaitheamh orthu, áit ina raibh níos lú brú i gceist i gcomparáid le seomraí na hidirbheartaíochta i Londain. Dúirt roinnt airí rialtais gur thuig de Valera nach mbeadh sé in ann poblacht 32 chontae a bhaint amach, agus gur fhan sé sa bhaile le cinntiú nach mbeadh droch-cháil air. Mar sin, sheol sé daoine eile le go mbeadh an chuma gur theip orthusan, seachas gur theip air féin. Cibé cúiseanna a bhí ag de Valera, bhí an cinneadh an-chonspóideach.

Ba é Art Ó Gríofa (Arthur Griffith) a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann. Bhí Mícheál Ó Coileáin agus Robert Barton in éineacht leis. Chuir George Gavan Duffy agus Eamonn Duggan comhairle dlí ar fáil, agus bhí Erskine Childers ina rúnaí. Dúradh gur “*envoys plenipotentiary*” (toscairí lánchumhachtacha) a bhí sna toscairí. Chiallaigh sé seo go raibh sé de chumhacht acu conradh a aontú le rialtas na Breataine thar ceann na Dála. Ní rachadh aon duine de na poblachtánaigh dhochta, Cathal Brugha agus Austin Stack mar shampla. Mheas na daoine seo gurb ionann cainteanna ar aon rud nár bhain le haistarraingt na Breataine agus tréas a dhéanamh. Ní raibh siad sásta comhréiteach ar bith a dhéanamh. Threoraigh de Valera don dream lánchumhachtach aon dréacht den chonradh a sheoladh ar ais go Baile Átha Cliath sula síneofaí é.

Chiallaigh sé seo nach raibh siad lánchumhachtach i ndáiríre. Bhí an neamhréiteach idir údarú na Dála agus litir de Valera ina chúis chonspóide nuair a síníodh an Conradh Angla-Éireannach.

Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht fhoirmiúil ag 10 Sráid Downing ar an 11 Deireadh Fómhair, 1921. Bhí difríochtaí ollmhóra idir an dá thoscaireacht. Bhí roinnt de na polaiteoirí ab fhearr sa tír ar fhoireann na Breataine. David Lloyd George, Austen Chamberlain, Winston Churchill, agus an Tiarna Birkenhead. Chuir Sir Gordon Hewart, an tArd-Aighne, comhairle dlí ar fáil. Ba státairí iad ar fad a raibh taithí acu ar idirbheartaíocht idirnáisiúnta. Bhí tacaíocht ar fáil dóibh ón státseirbhís ollmhór agus bhí siad ar a bhfód féin. Ní raibh aon cheann de na buntáistí seo ag toscairí na hÉireann. Bhí siad faoi bhrú ollmhór, brú nach bhféadfadh daoine i mBaile Átha Cliath a thuiscint mar is ceart.

Ón tús, thug an Bhreatain le fios go soiléir nach raibh poblacht ar fáil. Thuig de Valera é seo agus threoraigh sé do na toscairí iarracht a dhéanamh stádas idir stádas Tiarnais agus poblacht a bhaint amach. Thug sé ‘ceangal seachtrach’ air seo (external association). Is éard a bheadh i gceist leis seo ná go n-aithneodh an Bhreatain gur stát aontaithe, féinrialaithe í Éire, a bheadh ceangailte go deonach leis an gComhlathas Briotanach. Ní raibh an Bhreatain sásta glacadh leis seo. Bhí eagla orthu go mbainfeadh ceangal seachtrach ó údarás na corónach, go laghdódh sé cumhacht rialtas na Breataine agus go gcuirfeadh an stádas seo le díscáileadh an Chomhlathais.

Tar éis sraith cruinnithe neamhtháirgiúla, cruthaíodh fo-chruinnithe le ceisteanna deacra a scagadh. Ón bpointe seo ar aghaidh, ba é Collins agus Griffith a láimhseáil an chuid is mó den idirbheartaíocht ar thaobh na hÉireann. Toisc go raibh contúirt ann go dteipfí ar na cainteanna, tugadh treoir do thoscairí na hÉireann an Bhreatain a mhealladh le hathrú intinne a bheith acu maidir le stádas Uladh. Ghlacfaidh Griffith le Coimisiún na Teorann le ceist Uladh a réiteach, sa chás nach mbeadh Aontachtaithe sásta a bheith páirteach i bparlaimint uile-Éireann. Bheadh sé de chúram ar an gcoimisiún seo na teorainneacha beachta idir dhá stát na hÉireann a chinneadh. Cé gur tháinig an dá thaobh ar chomhréiteach maidir le cosaint agus trádáil, bhí na saincheisteanna bunreachtúla gan réiteach. Bheadh gá le cineál éigin de stádas Tiarnais a mheas. D'áitigh an Bhreatain go mbeadh ról éigin ag monarc na Breataine in Éirinn. Tháinig Collins agus Griffith ar an gconclúid, go drogallach, go gcaithfeadh ról éigin a bheith ag an

gcoróin i ngnóthaí inmheánacha na hÉireann. Ar an 28 Samhain, d'aontaigh Lloyd George go mbeadh stádas na hÉireann mar an gcéanna le stádas Cheanada. Ní raibh aon dearbhú ann nach gcuirí an Bhreatain isteach ar ghnóthaí na hÉireann, ach is beag seans a bhí ann go dtarlódh sé.

Chuir an Bhreatain a gcuid moltaí deiridh chun cinn ar an 1 Nollaig, agus rinne airí rialtais na hÉireann iad a phlé an 3 Nollaig. Dúirt Collins, Griffith, agus Duggan gurbh í seo tairiscint deiridh na Breataine. D'easaontaigh Barton agus Childers. Bhí achrann searbh idir Brugha agus Griffith, agus d'fhill na toscairí ar ais go Londain le tuilleadh treoracha ó de Valera. Ní raibh siad le comhaontú ar bith a shíniú gan é a atreorú ar ais go dtí na hairí rialtais. Chinn Lloyd George brú a chur ar thoscairí na hÉireann. Ar an 4 Nollaig, chuir toscaireacht na Breataine deireadh leis an bplé. An mhaidin dár gcionn thug Lloyd George rogha do thoscairí na hÉireann: an Conradh a shíniú nó leanúint ar aghaidh leis an troid. Ní raibh deis ann an Conradh a thabhairt ar ais go Baile Átha Cliath. D'áitigh Collins agus Griffith ar na toscairí eile an confadh a shíniú. Bhí a fhios acu nach mbeadh Lloyd George in ann aon ghéilleadh eile a dhéanamh mar gheall ar bhrú polaitiúil. D'aistreadh an Conradh gach príomhchumhacht pholaitiúil agus eacnamaíoch go rialtas na hÉireann. D'aithin toscairí na hÉireann nach mbeadh seans acu sa *"immediate and terrible war"* a bhí geallta ag Lloyd George.

Mar fhocal scoir, bhain conspóid le hidirbheartaíocht agus le téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh. Chruthaigh an Conradh scoilt ollmhór in Éirinn idir na daoine a ghlac leis an gconradh agus iad siúd nár ghlac. Fuair na céadta bás i gCogadh na gCarad, cogadh fuilteach tar éis an chonartha.